Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/1585

20.12.2023

# CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE

**an 11 Nollaig 2023**

**lena gceaptar Leas-Uachtarán na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí**

(C/2023/1585)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le Cearta Comhphobail i ndáil le Cineálacha Plandaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh uaithi an 20 Nollaig 2021 ([2]), cheap an Chomhairle Francesco MATTINA, iar-Leas-Uachtarán na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí ('an Oifig'), ina Uachtarán ar an Oifig.

(2) Cuireadh tús le téarma oifige Francesco MATTINA mar Uachtarán na hOifige an 1 Feabhra 2022. Tá post an Leas-Uachtaráin folamh ó shin i leith.

(3) An 28 Meitheamh 2023, tar éis tuairim a fháil ó Chomhairle Riaracháin na hOifige, mhol an Coimisiún Nuria URQUIA FERNANDEZ mar iarrthóir aonair don phost mar Leas-Uachtarán na hOifige,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, ceaptar Nuria URQUIA FERNANDEZ ina hUachtarán ar an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Planda ('an Oifig') ar feadh tréimhse 5 bliana.

2. Tosóidh téarma oifige Nuria URQUIA FERNANDEZ ón dáta a rachaidh sí i mbun a dualgas. Déanfaidh an tUachtarán agus Comhairle Riaracháin na hOifige an dáta sin a chomhaontú.

*Airteagal 2*

Tabharfar de chumhacht do Chathaoirleach Chomhairle Riaracháin na hOifige foráil a dhéanamh maidir leis na socruithe uile is gá chun Airteagal 1 a chur chun feidhme.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
L. PLANAS PUCHADES

---

([1]) IO L 227, 1.9.1994, lch. 1.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena gceaptar Uachtarán na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (IO C 27, 19.1.2022, lch. 14).